II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1874 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Deireadh Fómhair 2021

lena gceartaítear leagan Gearmáinise Rialachán (AE) 2018/395 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh oibriú balún agus le haghaidh ceadúnú na bhfoirne eitilte le haghaidh balún, agus leagan Gearmáinise Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 lena leagtar síos rialacha mionsonracha le haghaidh oibriú seoleitleán agus le haghaidh ceadúnú na bhfoirne eitilte le haghaidh seoleitleán

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23, Airteagal 27 agus Airteagal 31 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I leagan Gearmáinise Rialachán (AE) 2018/395 ón gCoimisiún ([2]), tá earráidí i gCuid BFCL, Fochuid PBL, pointí BFCL.125 BPL(a) agus BFCL.145 BPL(e), d'Iarscríbhinn III, earráidí a athraíonn brí an téacs.

(2) I leagan Gearmáinise Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 ón gCoimisiún ([3]), tá earráidí comhchosúla i gCuid SFCL, Fochuid SPL, pointí SFCL.125 SPL(a) agus SFCL.145 SPL(e), d'Iarscríbhinn III, earráidí a athraíonn brí an téacs.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart leaganacha Gearmáinise Rialachán (AE) 2018/395 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/395 ón gCoimisiún an 13 Márta 2018 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh oibriú balún agus le haghaidh ceadúnú na bhfoirne eitilte le haghaidh balún de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 71, 14.3.2018, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh oibriú seoleitleán agus le haghaidh ceadúnú na bhfoirne eitilte le haghaidh seoleitleán de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 326, 20.12.2018, lch. 64).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN